Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2024**
**(OR. fr)**

**10687/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0139(NLE)**

**PECHE 219**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Meitheamh 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 237 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus le cur i bhfeidhm sealadach Phrótacal (2024-2029) Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 237 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 237 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 6.6.2024
COM(2024) 237 final

2024/0139 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus le cur i bhfeidhm sealadach Phrótacal (2024-2029) Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (CCI) an 12 Feabhra 2007 agus tháinig sé i bhfeidhm an 30 Márta 2007 ar feadh tréimhse 5 bliana. Tá an Comhaontú in-athnuaite go hintuigthe, agus dá bhrí sin tá sé fós i bhfeidhm. Bhí prótacal cur chun feidhme 5 bliana de chuid an CCI ann roimhe sin, tháinig sé i bhfeidhm an 20 Bealtaine 2019 agus chuaigh sé in éag an 19 Bealtaine 2024.

An 19 Nollaig 2023, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh prótacal nua (dá ngairtear 'an Prótacal nua' anseo feasta) a ghabhann leis an CCI.

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha[1], rinne an Coimisiún caibidlíocht le Cabo Verde maidir prótacal nua cur chun feidhme de chuid an CCI idir an Comhphobal Eorpach agus Cabo Verde a thabhairt i gcrích. Is é an cuspóir atá ann ceadú do shoithí an Aontais rochtain a fháil ar limistéar iascaireachta Cabo Verde agus tuinníní agus speicis ghaolmhara a iascach ann, agus na bearta arna nglacadh ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (CITAC) á gcomhlíonadh. De thoradh na caibidlíochta sin, cuireadh inisealacha le téacs nua den phrótacal cur chun feidhme an 15 Aibreán 2024.

Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 5 bliana ó dháta an chur i bhfeidhm shealadaigh atá leagtha síos in Airteagal 17.

Is é is cuspóir don togra seo údarú na Comhairle a fháil le haghaidh shíniú an Phrótacail nua, i gcomhréir le hAirteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Is é is cuspóir don Phrótacal nua deiseanna iascaireachta a dheonú do shoithí an Aontais sna limistéir iascaireachta in uiscí Cabo Verde, i gcomhréir le comhairle eolaíoch agus moltaí CITAC. Cuspóir eile is ea an comhar idir an tAontas agus Cabo Verde a neartú trí chreat comhpháirtíochta an CCI a chur chun feidhme ar mhaithe le beartais iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt agus le saothrú freagrach na hacmhainne iascaigh in uiscí Cabo Verde, chun leasa an dá pháirtí.

Leis an bPrótacal nua ceadaítear do shoithí an Aontais iascaireacht a dhéanamh in uiscí Cabo Verde le haghaidh speiceas tuinníní agus déantar foráil ann maidir leis na deiseanna iascaireachta seo a leanas:

– 24 bhád saighne tuinníní;

– 22 bhád spiléireachta dromchla;

– 10 soitheach cleithe agus dorú;

- mar aon le soithí tacaíochta de réir rúin ábhartha CITAC.

[1] Tagairt 15485/23 + ADD 1, a d'fhormheas Coreper, cuid 1, 15.12.2023 ; https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-16673-2023-INIT/en/pdf

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é is príomhaidhm don Phrótacal nua a ghabhann leis an CCI creat cothrom le dáta a sholáthar lena gcuirtear san áireamh tosaíochtaí an chomhbheartais iascaigh (CBI) agus a ghné sheachtrach. Cuideoidh sé sin le leanúint den chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Cabo Verde agus í a neartú.

Leis an bprótacal nua, déantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais a dhíríonn ar thuinníní agus speicis ghaolmhara in uiscí Cabo Verde. Tá sé bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus ar na moltaí a rinne CITAC, an eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh a bhainistíonn stoic éisc mhórimirceacha. Na bearta bainistíochta a ghlac CITAC, tá siad san áireamh freisin i bhforálacha ábhartha CBI is infheidhme maidir le limistéar CITAC, go háirithe iad siúd sa Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta[2].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is cuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir le tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin prótacal nua a ghabhann leis an CCI a chaibidliú agus cuirtear san áireamh ann, go háirithe, cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a urramú.

Tá an chaibidlíocht maidir le prótacal nua a ghabhann leis an CCI a thabhairt i gcrích comhleanúnach i gcomhthéacs an chomhair idir na Páirtithe i ndáil le hearnáil an iascaigh agus tráchtáil a cuid táirgí a fhorbairt. Baineann Cabo Verde tairbhe as 'maolú sealadach'[3] ar na rialacha maidir le tionscnamh fabhair le haghaidh méideanna teoranta d'fhilléid tuinnín agus de luanta tuinnín ullmhaithe nó leasaithe, agus filléid ronnach agus tuinníní frigéid ullmhaithe nó leasaithe nach de thionscnamh an Aontais iad. Leis an maolú sin, na táirgí sin nach de thionscnamh an Aontais ná Cabo Verde iad a phróiseáiltear in Cabo Verde, glacann siad tionscnamh 'Cabo Verde' chucu, agus féadfar iad a onnmhairiú chuig an Aontas mar sin gan dleachtanna custaim agus iad ag teacht isteach i margadh an Aontais (córas GSP+).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(2) CFAE an bunús dlí, lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh, agus Airteagal 218(5) CFAE, lena bhforáiltear go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón idirbheartaí, cinneadh lena n-údaraítear síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas agus tríú tíortha agus, i gcás inarb infheidhme, a chur i bhfeidhm sealadach roimh a theacht i bhfeidhm.

Leagtar síos in Airteagal 17(1) de CFAE, cé is moite den chomhbheartas eachtrach agus slándála, go bhfuil an Coimisiún le hionadaíocht sheachtrach an Aontais a áirithiú. Dá thoradh sin, na hoifigigh a ainmníonn an Coimisiún, is acu sin amháin a bheidh an inniúlacht comhaontú idir an tAontas agus tríú tír a shíniú.

[2] IO L 28, 31.1.2023, lgh. 1–219. Féach roinn 3 agus Iarscríbhinn ID.

[3] Rinneadh an maolú 'sealadach' sin a athnuachan go tráthrialta ó bhí 2008 ann – lena n-áirítear táirgí leasaithe, filléid tuinnín agus luanta tuinnín ó bhí 2017 ann, go dtí go bhforbrófaí cabhlach náisiúnta agus go síneofaí comhaontú comhpháirtíochta eacnamaíche (CCE) réigiúnach le Ballstáit Chomhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS), a bhfuil Cabo Verde ina chuid de.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 3(1)(d) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir creat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí an Aontais in uiscí tríú tír, mar a leagtar amach in Airteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh. Tá sé i gcomhréir leis na forálacha sin chomh maith leis na forálacha maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2023, d'ordaigh an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar Phrótacal 2019-2024 a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh le Cabo Verde, mar aon le meastóireacht *ex ante* ar athnuachan a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an bPrótacal[4].

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht *ex post* ar Phrótacal 2015-2018 gur chomhlánaigh sé na socruithe rochtana eile a bunaíodh sa réigiún, socruithe lena gceadaítear do shoithí an Aontais saothrú na stoc imirceach a bharrfheabhsú i gcomhréir leis na rialacha réigiúnacha arna leagan síos ag CITAC. Ar bhonn na meastóireachta sin, dealraíonn sé go gcuireann earnáil iascaireachta an Aontais spéis mhór sa deis a gníomhaíocht a dhéanamh in Cabo Verde agus go mbeadh sé chun leasa an dá pháirtí prótacal nua a chaibidliú. Ina theannta sin, le prótacal nua a chaibidliú, chuideofaí le faireachán, rialúchán agus faireachas a neartú agus chuideofaí le feabhas a chur ar rialachas na ngníomhaíochtaí iascaireachta sa réigiún.

Maidir leis an Aontas, tá sé tábhachtach go gcoinneofaí ionstraim ar bun lena gceadófaí comhar domhain earnála le himreoir mór a bhfuil tionchar mór aige i rialachas aigéan ar an leibhéal fo-réigiúnach mar gheall ar mhéid an limistéir iascaireachta atá faoina dhlínse. I gcás chabhlach an Aontais, ciallaíonn sé sin go n-athbhunófar rochtain ar limistéar tábhachtach iascaireachta chun straitéisí saothraithe a chur i bhfeidhm faoi chreat dlí idirnáisiúnta ilbhliantúil. Ina theannta sin, mar gheall ar láthair fhabhrach Chalafort Mindelo (Ile São Vicente), i limistéar a ndéantar dúshaothrú mór air, d'fhéadfadh sé a bheith ina chalafort díluchtaithe tábhachtach, rud a chuirfeadh le fiúntas an phrótacail nua atá beartaithe, le haghaidh earnáil iascaigh an Aontais agus na tíre comhpháirtíochta araon. I gcás údaráis Cabo Verde, is é an aidhm atá ann leanúint den chaidreamh leis an Aontas Eorpach chun rialachas

---

[4] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, Defaux, V., Cappell, R., Évaluation rétrospective et prospective du Protocole de mise en œuvre de l'accord de partenariat dans le domaine de la pêche entre l'Union européenne et la République de Cabo Verde – Rapport final [*Meastóireacht Chúlghabhálach agus Ionchasach ar Phrótacal Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Cabo Verde – Tuarascáil Chríochnaitheach*], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://data.europa.eu/doi/10.2771/814998

na n- aigéan a neartú, ag baint tairbhe as tacaíocht earnála thiomnaithe lena gcuirtear deiseanna maoinithe ilbhliantúla ar fáil, agus tionsclú earnáil an athchóirithe a chur ar bun trí bhíthin ghníomhaíocht na soithí, mar chuid d'éagsúlú a gheilleagair.

Ó thaobh an Aontais de, tá sé tábhachtach ionstraim a choinneáil ar bun lena gceadaítear dlúthchomhar earnála le tír atá ina príomh-chomhpháirtí, ina soláthróir táirgí éisc don Aontas, le páirtithe leasmhara ar an leibhéal idirnáisiúnta agus a bhfuil meánna iascaireachta aici atá chun leas chabhlach an Aontais.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid den mheastóireacht thuasluaite, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta, chomh maith le húdaráis na n-iascach agus ionadaithe shochaí shibhialta Cabo Verde. Reáchtáladh comhairliúcháin freisin laistigh den Chomhairle Chomhairleach um Iascaireacht Fadraoin. Ar bhonn na gcomhairliúchán sin, dealraíonn sé gur chun leasa an Aontais Eorpaigh agus Cabo Verde é ionstraim a choimeád lena gceadaítear comhar domhain earnála, le deiseanna maoinithe ilbhliantúla le haghaidh Cabo Verde. I gcás armálacha an Aontais, is chun a leasa é rochtain ar limistéar tábhachtach iascaireachta a choimeád trí chomhaontú in earnáil an iascaigh.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31(10) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Sa phrótacal a caibidlíodh, cuimsítear clásal a bhaineann leis na hiarmhairtí má sháraítear na heilimintí fíor-riachtanacha a bhaineann le cearta daonna a leagtar síos in Airteagail 8 agus 9 de Chomhaontú Shamó[5].

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 3 900 000 an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh fhad iomlán an Phrótacail (i.e. EUR 780 000 in aghaidh na bliana), ar bhonn na nithe seo a leanas:

(a) tonnáiste tagartha 7 000 tona, ar socraíodh méid bliantúil ina leith maidir le rochtain ag EUR 350 000;

(b) tacaíocht chun beartas earnála iascaigh Cabo Verde a fhorbairt, ar fiú EUR 430 000 in aghaidh na bliana é.

---

5 Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L, 2023/2861, 28.12.2023) https://data.europa.eu/eli/reg/2023/02862/oj

Leis an tacaíocht sin, comhlíontar cuspóirí an chomhair i réimsí an tsaothraithe inbhuanaithe acmhainní iascaigh, an dobharshaothraithe, fhorbairt inbhuanaithe na n-aigéan, chosaint na muirthimpeallachta agus an gheilleagair ghoirm.

Déantar an méid bliantúil le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhunú le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, lena n-áirítear an líne chúltaca le haghaidh prótacail nár tháinig i bhfeidhm go fóill ag tús na bliana[6].

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar foráil maidir leis na socruithe faireacháin sa CCI agus sa Phrótacal nua.

---

6 I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha, pointe 20 (IO L 433I, 22.12.2020)

2024/0139 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus le cur i bhfeidhm sealadach Phrótacal (2024-2029) Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde[1] (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), arna fhormheas le Rialachán (CE) Uimh. 2027/2006 ón gComhairle[2], i bhfeidhm an 30 Márta 2007. An Prótacal a ghabhann leis, ina leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú, chuaigh sin in éag an 19 Bealtaine 2024.

(2) An 19 Nollaig 2023 ghlac an Chomhairle Cinneadh[3] lena n-údaraítear an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht le Cabo Verde chun prótacal nua ('an Prótacal') lena gcuirtear an Comhaontú chun feidhme a thabhairt i gcrích.

(3) Tá prótacal nua lena gcuirtear an Comhaontú Comhpháirtíochta seo chun feidhme caibidlithe ag an gCoimisiún, thar ceann an Aontais Eorpaigh. Tar éis an chaibidlíocht a bheith tugtha i gcrích, cuireadh inisealacha leis an bPrótacal an 15 Aibreán 2024.

(4) Tá sé d'aidhm ag an bPrótacal ligean do shoithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh i limistéar iascaireachta Cabo Verde agus ligean don Aontas agus do Cabo Verde comhoibriú go dlúth le chéile chun leanúint d'fhorbairt beartais iascaigh inbhuanaithe agus do shaothrú freagrach na hacmhainne iascaigh i limistéar iascaireachta Cabo Verde agus san Aigéan Indiach a chur chun cinn. Tacaíonn an comhar sin le dálaí oibre cuibhiúla a bhunú in earnáil an iascaigh freisin.

(5) Leis an bPrótacal, déantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta do shoithí an Aontais in uiscí Cabo Verde, ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil agus i

[1] Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (IO L 414, 30.12.2006, lch. 3).

[2] Rialachán (CE) Uimh. 2027/2006 ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde a thabhairt i gcrích (IO L 414, 30.12.2006, lch. 1).

[3] Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Cabo Verde chun prótacal a thabhairt i gcrích lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (Tagairt 15485/23 + ADD 1, a d'fhormheas, Coreper, Cuid 1, an 15.12.2023). https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-16673-2023-INIT/en/pdf

gcomhréir leis na bearta caomhnúcháin agus bainistíochta a ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(7) Ba cheart feidhm a bheith ag an bPrótacal a luaithe is féidir i bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta Cabo Verde agus an ghá atá ann an tréimhse ama a chuirfear isteach ar na gníomhaíochtaí sin a laghdú a oiread is féidir.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an bPrótacal ar bhonn sealadach ón 20 Bealtaine 2024, faoi réir a shínithe, nó tar éis a shínithe más déanaí sin.

(9) Áiritheoidh an Coimisiún síniú an Chomhaontaithe faoi réir a thabhairt i gcrích.

(10) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus thug sé tuairim an [*cuir isteach dáta*],

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear Prótacal (2024-2029) Chur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (‘an Prótacal’) a shíniú, thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm shealadach ag an bPrótacal, i gcomhréir lena Airteagal 17, ón 20 Bealtaine 2024 faoi réir a shínithe, nó ó dháta a shínithe má shínítear é tar éis an 20 Bealtaine 2024, go dtí an uair a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[4] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

**<u>RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH</u>**

**1. CREAT AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

**1.1. Teideal an togra/tionscnaimh**

**1.2. Réimsí beartais lena mbaineann**

**1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:**

**1.4. Cuspóirí**

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo*

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*1.5.2. Breisluach Eorpach (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, mar shampla, gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach Eorpach' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

**2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

**2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe**

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

**3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar**

**3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus le cur i bhfeidhm sealadach Phrótacal (2024-2029) Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

08 – Talmhaíocht agus Beartas Muirí

08.05 – Comhaontuithe agus Comhpháirtíochtaí Iascaigh Inbhuanaithe agus Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh

08.05.01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

X **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[1]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Trí chaibidlíocht a dhéanamh ar na comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe le tríú tíortha agus iad a thabhairt i gcrích, comhlíontar an cuspóir ginearálta maidir le rochtain a thabhairt do shoithí iascaireachta an Aontais Eorpaigh ar limistéir iascaireachta tríú tíortha agus comhpháirtíocht a fhorbairt leis na tíortha sin d’fhonn saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a neartú lasmuigh d’uiscí an Aontais Eorpaigh.

Leis na conarthaí comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe, áirithítear freisin comhsheasmhacht idir na prionsabail lena rialaítear an comhbheartas iascaigh agus na gealltanais a rinneadh faoi bheartais Eorpacha eile amhail úsáid inbhuanaithe acmhainní tríú tíortha, an comhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe, comhtháthú na dtíortha comhpháirtíochta sa gheilleagar domhanda, rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe i ngach gné, agus rialachas polaitiúil agus airgeadais níos fearr ar iascaigh.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

<u>Cuspóir sonrach Uimh.º1</u>

Cur le hiascaireacht inbhuanaithe in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad, láithreacht Eorpach a choinneáil ar bun in iascaigh i bhfarraigí i bhfad i gcéin agus leasanna earnáil iascaigh na hEorpa agus tomhaltóirí a chosaint trí idirbheartaíocht

[1] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

agus comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe a thabhairt i gcrích le Stáit chósta, i gcomhréir le beartais Eorpacha eile.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Le tabhairt i gcrích Phrótacal Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe, leantar den chomhpháirtíocht iascaigh straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus an Cabo Verde agus treisítear í. Le tabhairt i gcrích an Phrótacail, cruthófar deiseanna iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais i limistéar iascaireachta Cabo Verde.

Leis an gComhaontú agus an Prótacal, is fearr a dhéanfar na hacmhainní iascaigh a bhainistiú agus a chaomhnú, trí thacaíocht airgeadais (tacaíocht earnála) a chur ar fáil chun cláir arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta ag an tír chomhpháirtíochta a chur chun feidhme, go háirithe an Plean Cuimsitheach Iascaigh, faireachas a dhéanamh ar an iascaireacht neamhdhleathach agus an comhrac ina haghaidh agus tacaíocht a thabhairt d'earnáil an iascaigh ar mionscála.

Ar deireadh, leis an gComhaontú agus an Prótacal, cuirfear le saothrú inbhuanaithe na n-acmhainní muirí in Cabo Verde agus le geilleagar iascaireachta Cabo Verde, trí fhás agus dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn, maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leis an iascaireacht.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Rátaí úsáide deiseanna iascaireachta (glacadh bliantúil na n-údaruithe iascaireachta mar chéatadán den infhaighteacht faoin bPrótacal).

Sonraí maidir le gabhálacha (bailiú agus anailísiú) agus luach tráchtála an Chomhaontaithe.

Ranníocaíocht le fostaíocht agus dálaí oibre cuibhiúla san iascach agus le breisluach san Aontas agus le margadh an Aontais a chobhsú (go comhiomlán le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe eile).

Tacaíocht leis an tír chomhpháirtíochta chun feabhas a chur ar thaighde, faireachas agus rialú ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus ar fhorbairt a hearnála iascaigh, go háirithe an earnáil a bhaineann le hiascaigh ar mionscála.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm ag an bprótacal nua cur chun feidhme ar bhonn sealadach ó dháta a shínithe, ionas go gcuirfear laghdú ar aon chur isteach ar oibríochtaí iascaireachta mar gheall ar dhul in éag an Phrótacail reatha.

Leis an bPrótacal nua cuirfear creat ar fáil do ghníomhaíochtaí iascaireachta de chabhlach an Aontais i limistéar iascaireachta Cabo Verde agus tabharfar údarú d'úinéirí soithí an Aontais iarratas a dhéanamh ar údaruithe iascaireachta chun dul i mbun iascaireachta sa limistéar sin. Ina theannta sin, leis an bPrótacal nua, cuirfear feabhas ar an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus Cabo Verde d'fhonn forbairt ar bheartas iascaigh inbhuanaithe i ngach gné a chur chun cinn. Foráiltear ann, go háirithe, go ndéanfar faireachán ar shoithí trí VMS agus go dtarchuirfear sonraí

gabhála go leictreonach. Leis an tacaíocht earnála atá ar fáil faoin bPrótacal cuideofar le Cabo Verde lena straitéis iascaigh náisiúnta, lena n-áirítear an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac agus dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí iascaireachta.

1.5.2. *Breisluach Eorpach (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, mar shampla, gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach Eorpach' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Mura dtabharfaidh an tAontas comhaontú nua i gcrích, ní fhéadfaidh soithí an Aontais leanúint dá ngníomhaíochtaí iascaireacht ós rud é go bhfuil clásal sa Chomhaontú reatha lena n-eisiatar gníomhaíochtaí iascaireachta nach bhfuil sa chreat a shainítear le prótacal a ghabhann leis an gComhaontú. Dá bhrí sin, tá an luach breise do chabhlach fadraoin an Aontais Eorpaigh an-soiléir. Leis an bPrótacal cuirtear creat ar fáil freisin maidir le comhar feabhsaithe idir an tAontas agus Cabo Verde

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

De thoradh na hanailíse ar ghabhálacha a fuarthas i limistéar iascaireachta Cabo Verde san am atá thart, agus ar na measúnuithe agus ar an gcomhairle eolaíoch atá ar fáil, tá na Páirtithe in ann tonnáiste tagartha a shocrú le haghaidh tuinníní agus speicis chosúla cothrom le 7 000 tona in aghaidh na bliana, tonnáiste ag a mbeidh deiseanna iascaireachta le haghaidh 24 bhád peas- saighne tuinníní agus 22 bhád spiléireachta dromchla agus 10 soitheach cleithe agus dorú. Socraíodh tacaíocht earnála ar ardleibhéal chun tosaíochtaí na straitéise iascaigh náisiúnta, agus go háirithe tosaíochtaí an Phlean Chuimsithigh Iascaigh, a chur san áireamh.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Na cistí a sholáthraítear mar chúiteamh airgeadais le haghaidh rochtana faoin CCI, is ioncam inmhalartaithe i mbuiséad náisiúnta Cabo Verde iad. Mar sin féin, leithdháiltear cistí atá beartaithe le haghaidh tacaíocht earnála (de ghnáth trína thabhairt isteach sa dlí buiséadach bliantúil) ar an Aireacht atá freagrach as an iascach, agus is coinníoll é sin go dtabharfaí na CCInna i gcrích agus go ndéanfaí faireachán orthu. Tá na hacmhainní airgeadais sin comhoiriúnach le foinsí maoinithe eile ó dheontóirí idirnáisiúnta eile chun tionscadail agus/nó cláir a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta in earnáil an iascaigh

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Ní bhaineann le hábhar

**1.6.**

**Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

X **tréimhse theoranta**

– X I bhfeidhm ón 20 Bealtaine 2024 go dtí an 19 Bealtaine 2029 (faoi réir a shínithe roimh an 20 Bealtaine 2024)

– X Tionchar airgeadais ó 2024 go 2028 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2024 go 2029 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modh nó modhanna bainistíochta atá beartaithe[2]

X **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– X ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ a dhéanann na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| |

[2] Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Áiritheoidh an Coimisiún (AS MARE, i gcomhar lena attaché iascaigh, arb é atá freagrach as an réigiún, agus i gcomhar le Toscaireacht an Aontais Eorpaigh in Cabo Verde agus seirbhísí ábhartha an Choimisiúin), áiritheoidh sé go ndéanfar faireachán rialta ar chur chun feidhme an Phrótacail maidir le húsáid deiseanna iascaireachta oibreoirí, sonraí gabhála agus comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le tacaíocht earnála.

Ina theannta sin, foráiltear sa CCI maidir le cruinniú den Chomhchoiste, cruinniú a reáchtálfar uair amháin ar a laghad sa bhliain agus a ndéanfaidh an Coimisiún agus Cabo Verde athbhreithniú ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus an Phrótacail ann agus, más gá, déanfar na cláir agus an ranníocaíocht airgeadais a choigeartú

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cuirfear íocaíochtaí chun feidhme ar bhealach díchúpláilte maidir leis an ranníocaíocht le haghaidh rochtana agus an ranníocaíocht le haghaidh tacaíocht earnála.
Déanfar na híocaíochtaí le haghaidh rochtana ar bhonn bliantúil ar dháta comórtha an Phrótacail, ach amháin sa chéad bhliain, nuair a dhéanfar an íocaíocht sna 3 mhí tar éis thús an iarratais shealadaigh. Déanfar rochtain ar shoithí a rialú trí údaruithe iascaireachta a eisiúint.

Íocfar an tacaíocht den chéad uair laistigh de 3 mhí ó thús an chur i bhfeidhm shealadaigh, faoi réir comhaontú maidir leis an gclár cur chun feidhme bliantúil agus ilbhliantúil agus faoi réir ídiú na leithreasuithe arna leithdháileadh ar thacaíocht earnála le haghaidh thréimhse 2019-2024 a chomhfhreagraíonn don phrótacal cur chun feidhme roimhe sin; sna blianta ina dhiaidh sin, is ar na torthaí a bhainfear amach a bheidh sé ag brath. Déanfar faireachán ar na torthaí a baineadh amach agus ar an ráta cur chun feidhme de réir na dTreoirlínte maidir le Tacaíocht Earnála a Chur Chun Feidhme do Bheartas Iascaigh Cabo Verde atá le comhaontú ag na Páirtithe, ar bhonn tuarascálacha nó fianaise dhoiciméadach arna soláthar ag an tír chomhpháirtíochta agus iniúchtaí teicniúla a dhéanann an attaché iascaigh.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Is é an riosca a aithníodh tearc-úsáid na ndeiseanna iascaireachta ag úinéirí shoithí an Aontais agus tearc-úsáid nó úsáid mhall ag Cabo Verde as cistí atá beartaithe chun an beartas iascaigh earnála a mhaoiniú. Tá idirphlé forleathan beartaithe maidir le clárú agus cur i bhfeidhm an bheartais earnála a leagtar síos sa Chomhaontú agus sa Phrótacal. Tá anailís chomhpháirteach ar thorthaí, dá dtagraítear in Airteagal 6 den Phrótacal, mar chuid de na modhanna rialaithe sin freisin. Ina theannta sin, tá clásail shonracha sa Chomhaontú agus sa Phrótacal lena gcur ar fionraí, faoi choinníollacha áirithe agus in imthosca áirithe.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| |
|---|
| Tá íocaíochtaí a bhaineann le costais rochtana faoi Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCII) faoi réir seiceálacha atá dírithe ar a áirithiú go gcomhlíontar forálacha comhaontuithe idirnáisiúnta. Tá seiceálacha a bhaineann le tacaíocht earnála dírithe ar fhaireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na tacaíochta sin. Is iad baill foirne an Choimisiúin a dhéanfaidh an faireachán i dToscaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus le linn cruinnithe Comhchoistí. Úsáidtear maitrís chlársceidealaithe ilbhliantúil chun an dul chun cinn a mheas. Mura bhfuil dul chun cinn leordhóthanach ann, cuirfear íocaíocht an chéad tráinse eile ar fionraí nó b'fhéidir go laghdófaí é. Meastar gurb é costas fhoriomlán na seiceálacha ar gach Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe 1,8 % (de na ranníocaíochtaí in 2018). Tá na nósanna imeachta maidir le seiceálacha ar chonarthaí comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe bunaithe go príomha ar riachtanais rialála fíor-riachtanacha. Mura mbraitear aon easnamh a d'fhéadfadh tionchar ach beag a imirt ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais, measfar go bhfuil na seiceálacha éifeachtach. Meastar gurb é an meánráta earráide 0,0 %. |

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

| |
|---|
| Geallann an Coimisiún go mbunófar idirphlé polaitiúil agus comhordú rialta le Cabo Verde d'fhonn bainistiú an Chomhaontaithe agus an Phrótacail a fheabhsú, agus tacaíocht an Aontais le bainistiú acmhainní inbhuanaithe a neartú. Aon íocaíocht a dhéanann an Coimisiún faoi Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, is faoi réir rialacha caighdeánacha agus nósanna imeachta buiséid agus airgeadais an Choimisiúin a dhéanfar iad. Go háirithe, aithnítear cuntais bhainc na dtríú tíortha a n-íocfar an ranníocaíocht airgeadais iontu. Foráiltear le hAirteagal 3(7) den Phrótacal nach mór an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh rochtana a íoc isteach i gcuntas Státchiste Poiblí agus nach mór an ranníocaíocht airgeadais atá beartaithe chun an earnáil a fhorbairt a íoc isteach i gcuntas oifigiúil atá faoi mhaoirseacht na hAireachta atá freagrach as an iascach. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | An cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[1] | ó thíortha de chuid CSTE[2] | | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí an Aontais Eorpaigh in uiscí tríú tíortha | 08.05.01 | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | An cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

[1] LD = Leithreasuithe difreáilte/LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

[2] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa. ó thíortha is iarrthóirí

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimh. 2 | Fás inbhuanaithe: acmhainní nádúrtha |
|---|---|---|

| AS MARE | | | Bliain **2024**[1] | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid[2] 08.05.01 | Gealltanais | (1a) | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | **3,900** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 3,900 |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | | |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[3] | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe le haghaidh AS** MARE | Gealltanais | =1a+1b +3 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 3,900 |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 3,900 |

1 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

2 De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

3 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | +3 | | | | | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 3,900 |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 3,900 |
| ○IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach | | (6) | | | | | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 2** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 3,900 |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 3,900 |

**Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 3,900 |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 3,900 |
| IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | | | | | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 6** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+6 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 3,900 |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 0,780 | 3,900 |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: <…….> | | | | | | | | | |
| ○ Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| ○ Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS** <…….> | Leithreasuithe | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N**[4] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe** | Gealltanais | | | | | | | | |

4 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **faoi CHEANNTEIDIL 1 à 7**<br>den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | | | | | | | | |

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir**<br>⇩ | | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **Bliain 2028** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | |
| | Cineál[5] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[6]... | | | | | | | | | | | | | | |
| - Rochtain | | | | 0,350 | | 0,350 | | 0,350 | | 0,350 | | 0,350 | | 1,750 |
| - Tacaíocht | | | | 0,430 | | 0,430 | | 0,430 | | 0,430 | | 0,430 | | 2,150 |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | 0,780 | | 0,780 | | 0,780 | | 0,780 | | 0,780 | | 3,900 |
| **IOMLÁIN** | | | | 0,780 | | 0,780 | | 0,780 | | 0,780 | | 0,780 | | 3,900 |

5 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

6 Mar a thugtar tuairisc air i gcuid 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'.

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– X Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin.

– ☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N**[1] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[2] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

1 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

2 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– X Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **○ Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **○ Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha: FTE)**[1] | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón imchlúdach iomlánaíoch) | | | | | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [2] - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [2] - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 12 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | |

Is é XX an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

### 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– X is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

1 AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

2 Fo-uasteorainneacha d'fhoireann sheachtrach arna gcumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. Cuir tábla Excel ar fáil i gcás athchlárú mór. |
|---|

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid. |
|---|

– ☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |
|---|

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– X ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N**[3] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

**3.3.**

[3] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

**An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

– X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam ilghnéitheach

  – má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[4] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal…………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

4 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.